# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 to 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as Freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar an gceist/ na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,

NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** Is sainchreideamh Críostaí amháin é an Eaglais Chaitliceach Rómhánach in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ainmnigh sainchreideamh Críostaí **eile** in Éirinn sa lá atá inniu ann.

________________________________________________

**2.** Rugadh Íosa Nazórach i mBeithil. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**3.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'síocháin' ná ____________________________

________________________________________________

**4.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint aige le 'róba cróch' mar bhall éadaigh reiligiúnach? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**5.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an Cóineartú.
Ainmnigh sampla **eile** de shacraimint Chríostaí. ________________________________

**6.** Is é ainm na mara áit ar ghair Íosa ar a chéad deisceabail ná — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN MHUIR MHARBH ☐ AN MHEÁNMHUIR ☐ MUIR NA GAILÍLE ☐

**7.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí leis an téarma 'ministreacht' ná

________________________________________________

**8.** Léigh liosta na ndaoine creidmheacha agus liosta na mór-reiligiún domhanda thíos. Rinneadh duine amháin a mheaitseáil leis an mór-reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aici leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Daoine Creidmheacha* |
|---|
| Gandhi<br>Khadijah<br>Máire Mhaigdiléana<br>Maois<br>Siddhartha Gautama |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

| | *Daoine Creidmheacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Máire Mhaigdiléana* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**9.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag ceiliúradh an Bar Mitsveá leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Chríostaíocht ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**10.** Tá baint ag an ildiachas leis an reiligiún Hiondúch. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**11.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an téarma 'machnamh' ná __________________

______________________________________________________________________________

**12.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag bia 'Halal' leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**13.** Sampla amháin d'fhoinse eolais stairiúil faoi Íosa Nazórach is ea Josephus.
Ainmnigh sampla **eile** d'fhoinse eolais stairiúil faoi Íosa Nazórach.

______________________________________________________________________________

**14.** Is é an dearcadh atá sa Daonnachas ná gur chóir do dhuine atá ag lorg brí na beatha brath ar an osnádúr nó ar chreideamh i nDia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**15.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'caoinfhulaingt' ná ________________________

______________________________________________________________________________

**16.** Baineann an t-iolrachas leis an smaoineamh go bhfuil sé de cheart ag gach duine dearcthaí reiligiúnacha nó neamhreiligiúnacha a léiriú. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**17.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'peaca' ná _______________________________

______________________________________________________________________________

**18.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a bhfuil baint ag an gcreideamh san athionchollú leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**19.** Is é an dearcadh atá ag an mbunúsaíochas reiligiúnach ná _____________________________

______________________________________________________________________________

**20.** Smaoiníonn duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de ar dhaoine eile agus cinntí á ndéanamh aige/aici faoina bhfuil ceart agus mícheart. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ CINN** DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Tá an pictiúr seo bunaithe ar chuntas Soiscéil ar Íosa agus an Suipéar Déanach á cheiliúradh aige.**



*(Foinse: www.theliterates.ca)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar Íosa agus an Suipéar Déanach á cheiliúradh aige.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** De réir na Soiscéal cé acu **duine** de na daoine seo a leanas a bhí i láthair ag an Suipéar Déanach le hÍosa? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

PÓL ☐ PEADAR ☐ PRISCILLE ☐ (2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis ar cheiliúir Íosa an Suipéar Déanach.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de dhuine ar ceannaire reiligiúnach é.**



*(Foinse:http://news.yahoo.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr a thugann le tuiscint gur ceannaire reiligiúnach é an duine seo.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** An Pápa Proinsias is ainm do cheannaire reiligiúnach a bhfuil baint aige le shainchreideamh Críostaí. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a mbeadh baint ag an téarma 'údarás' leis an ról atá ag ceannaire i bpobal creidimh.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**Ceist 3. Seo pictiúr ó chlúdach leabhair scoile reiligiúnaigh.**




(*Foinse curtha in oiriúint ó http:dailyenglish11.blogspot.ie)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint gur faoin moráltacht an leabhar seo.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Is féidir leis an reiligiún tionchar a imirt ar an tuiscint atá ag duine ar cad a chiallaíonn sé a bheith morálta. Ainmnigh tionchar **eile** a bhíonn ar an tuiscint atá ag duine ar cad a chiallaíonn sé a bheith morálta.

________________________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** bhealach ina bhféadfadh an reiligiún tionchar a imirt ar an tuiscint atá ag duine ar cad a chiallaíonn sé a bheith morálta.

i. ______________________________________

ii. ______________________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Seo pictiúr de chárta urnaí do pháiste.**

*A aingil uasail,*
*a aingil Dé,*
*cabhraigh liom*
*ar feadh an lae;*
*bí le m'ais*
*go síoraí dlúth*
*ná lig don diabhal*
*mé a chur amú.*

*(Foinse curtha in oiriúint ó www.beliefnet.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** as an bpictiúr seo a thugann le tuiscint gur urnaí achainí í seo.

________________________________________

________________________________________

(2 mharc)

**B.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil baint ag an 'Seama' leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** rud a léiríonn urnaí achainí faoin gcreideamh atá ag duine i nDia.

i. ______________________________________

ii. ______________________________________

(6 mharc)

## ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH NA hAILT THÍOS Ó CHLÁR FÓGRAÍ SCOILE AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA UILE A LEANANN IAD.

### DAOINE CREIDMHEACHA SA LÁ ATÁ INNIU ANN



Ghlac an dornálaí Éireannach Katie Taylor am saor as an sceideal gnóthach atá aici le déanaí chun buíochas a ghabháil le Dia agus leis na daoine uile a thug tacaíocht di leis an mbonn óir sna Cluichí Oilimpeacha a bhuachan. "Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as ucht a bpaidreacha ... ní fhéadfainn é seo a dhéanamh gan iad. Tá Dia tar éis caitheamh go hiontach liom i mo ghairm bheatha le blianta beaga anuas agus ní fhéadfainn rud ar bith a dhéanamh gan a chúnamh ... Ní bheinn i mo sheasamh anseo mar sheaimpín mura raibh Dia i mo shaol ...is mian liom ómós a thabhairt dó i ngach rud a dhéanaim ..."

*(Curtha in oiriúint ó www.f3.thejournal.ie & rsvpmagazine.ie)*

*Tá áit curtha ar fáil ag club sacair Newcastle United le haghaidh paidreacha Ioslámacha chun adhradh a dhéanamh roimh chluichí. Bhí seomraí éagsúla ag an bpáirc imeartha in úsáid ag imreoirí le hadhradh a dhéanamh roimh chluichí. Mhínigh ball den chlub: "Tá an urnaí mar chuid thábhachtach den ullmhúchán do na cluichí móra." Tá sé tábhachtach aire a thabhairt do na himreoirí agus beidh seomra urnaí ceart acu anois.*




*Déanann imreoirí scóráil cúil a cheiliúradh le linn cluiche trína gcláir éadain a leagan ar an talamh agus iad ag urnaí.*

*(Curtha in oiriúint ó www.mirror.co.uk &myheartbeatsfootball.wordpress.com)*

**1.** Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi a bhfeictear an creideamh reiligiúnach ag daoine sna hailt ón gclár fógraí thuas.

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**2.** AN tÁBHARACHAS ☐ DÍ-EAGLAISEACHAS ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhféadfadh an bealach sin le breathnú ar an domhan a bheith mar dhúshlán do chreideamh reiligiúnach duine.

(14 mharc)

**3.** ● RINNFHEITHEAMH ● MACHNAMH

Déan cur síos ar shampla dá bhfuil i gceist le ceann **amháin** de na cineálacha urnaí thuas.

(CINEÁL URNAÍ)

(12 mharc)

**4.** *Léiríonn daoine creidmheacha a gcreidimh reiligiúnacha i gcineálacha éagsúla urnaí.* Mínigh cén fáth a n-úsáideann daoine rinnfheitheamh *nó* machnamh mar chineál urnaí chun a gcreideamh a léiriú.

(CINEÁL URNAÍ)

(14 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. ● DÍOGRAIS ● CUMARSÁID ● COMHROINNT

Roghnaigh **dhá** cheann díobh sin thuas agus déan cur síos ar an gcaoi a bhfeictear gach ceann díobh i bpobal creidimh inniu.

i. ______________

ii. ______________

(12 mharc)

b. CLISEADH POBAIL ☐ EASPA COMHOIBRITHE ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** díobh seo thuas agus mínigh cén fáth a mbeadh seo ina dhúshlán do bhaill de phobal creidimh.

(15 mharc)

**B.** a. Is sampla amháin é 'An Pápa' de theideal a thugtar ar cheannaire i bpobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ainmnigh teideal **eile** a thugtar ar cheannaire i bpobal creidimh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(5 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. ● CLISEADH POBAIL ● EASPA COMHOIBRITHE

Mol conas a d'fhéadfadh ceannaire de phobal creidimh tabhairt faoin dúshlán a bheadh i gceist le ceann **amháin** díobh seo thuas.

(18 marc)

**Ceist 2.** BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** a. Ainmnigh sampla **amháin** de pharabal a d'inis Íosa.

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar an scéal a d'inis Íosa sa pharabal atá ainmnithe agat thuas.

(12 mharc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar thréith **amháin** de Ríocht Dé a ndearna Íosa seanmóireacht uirthi tríd an bparabal atá ainmnithe agat i *gcuid Aa)* thuas.

(15 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis ar bhain Íosa úsáid as parabail chun daoine a theagasc faoi Ríocht Dé.

i.

ii.

(18 marc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh áit oilithreachta **amháin** a bhfuil an bhaint is mó aici leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas. ______________________________

(5 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a dtéann baill de reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis ar oilithreacht chuig an áit atá ainmnithe agat i *gcuid Aa)* thuas.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

**B.** a. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Ainmnigh téacs diaga a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus mínigh **dhá** chúis ar féidir cur síos a dhéanamh air mar cháipéis chreidimh.

TÉACS DIAGA: ____________________ REILIGIÚN DOMHANDA: ____________________

i. ______________________________

ii. ______________________________

(18 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

b. Déan cur síos ar ar tharla idir na tréimhsí béil agus na tréimhsí scríofa i bhforbairt an téacs dhiaga atá ainmnithe agat i *gcuid Ba)* thuas.

(15 mharc)

**Ceist 4.** **CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. Ainmnigh mór-reiligiún domhanda **amháin** a bhaineann leis an aondiachas.

(5 mharc)

b. Mínigh cúis **amháin** a bhfuil baint ag an aondiachas leis an mór-reiligiún domhanda atá ainmnithe agat i *gcuid Aa)* thuas.

(15 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi ina bhfuil dearcadh den chineál céanna maidir le cruthú an domhain ag an reiligiún agus ag an eolaíocht.

(15 mharc)

b. Mínigh cúis **amháin** a raibh teannas idir na dearcthaí reiligiúnacha agus eolaíochta maidir le cruthú an domhain.

(15 mharc)



THALL →

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

Ainmnigh foirgneamh reiligiúnach **amháin** a bhfuil an bhaint is mó aige leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas. ____________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla den chaoi ina n-úsáidtear an foirgneamh atá ainmnithe agat thuas le hadhradh a dhéanamh.

i. ____________________

ii. ____________________

(14 mharc)

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi ina n-úsáideann daoine gníomh siombalach reiligiúnach chun brí na beatha *nó* rúndiamhair na beatha a léiriú.

____________________

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. Mínigh **dhá** chúis a n-úsáideann daoine gníomhartha siombalacha reiligiúnacha chun brí na beatha *nó* rúndiamhair na beatha a léiriú.

i.

ii.

(16 mharc)

**Ceist 6.** **DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** den obair atá ar bun ag baill de mhór-reiligiún domhanda chun an ceartas a chur chun cinn sa domhan sa lá atá inniu ann.

(15 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Mínigh **dhá** chúis a n-oibríonn baill de mhór-reiligiún domhanda ar son an cheartais sa domhan sa lá atá inniu ann.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(14 mharc)

**B.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'athmhuintearas' ná ____________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh ina gcuireann mór-reiligiún domhanda deis ar fail dá bhaill le hathmhuintearas a dhéanamh.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.** Scrúdaigh an obair atá a dhéanamh ag pobal creidimh amháin atá le fáil in Éirinn sa lá atá inniu ann chun dialóg a chothú idir mhór-reiligiúin dhomhanda éagsúil trí **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas a úsáid:

i. An spreagadh (inspioráid) don obair.
ii. Tionchar na hoibre.

**Ceist 2.** Déan próifíl ar an gcaoi ina raibh an saol sa Phalaistín do dhaoine a bhí ina gcónaí ann le linn aimsir Íosa trí úsáid a bhaint as **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:

i. An Tíreolaíocht.
ii. An Reiligiún.

**Ceist 3.** ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Samhlaigh go bhfuil cur i láthair á ullmhú agat faoi fhéile reiligiúnach a bhaineann le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas. Tabhair breac-chuntas ar na pointí a dhéanfá i do chur i láthair faoin bhféile reiligiúnach mar fhreagra ar **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas:

i. Cad a tharlaíonn le linn cheiliúradh na féile reiligiúnaí?
ii. Cén fáth a gceiliúrann baill den reiligiún domhanda an fhéile reiligiúnach seo sa lá atá inniu ann?

**Ceist 4.** Samhlaigh gur iarradh ort alt a scríobh d'iris áitiúil faoin gcleachtas reiligiúnach in Éirinn le céad bliain anuas. Tabhair breac-chuntas ar a scríobhfá i d'alt agus bíodh tagairt agat do **gach ceann** acu seo a leanas:

i. Na hathruithe sa chleachtas reiligiúnach.
ii. Na tionchair a imríodh ar an gcleachtas reiligiúnach.

**Ceist 5.** Déan próifíl ar **dhá** bhuntáiste a bheadh ag an urnaí phobail do bhaill de phobal creidimh.

**Ceist 6.** ● COINSIAS OILTE ● IONRACAS

Déan measúnú ar **gach ceann** díobh seo thuas do dhuine nuair atá cinneadh le déanamh aige/aici faoina bhfuil ceart agus mícheart maidir le saincheist mhorálta.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(70 marc)

Leathanach Bán